



## Preasráiteas

Lucsamburg, 20 Meitheamh 2022

# Ní chuireann gach infheistíocht le haghaidh forbartha tuaithe sochair mharthanacha ar fáil

Ó 2007, tá níos mó ná €25 billiún de chistí forbraíochta tuaithe caite ag an gCoimisiún chun geilleagar tuaithe an Aontais a éagsúlú agus chun bonneagar i gceantair thuaithe a fheabhsú. De réir tuarascála speisialta a foilsíodh inniu ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), áfach, bhí éagsúlacht shuntasach ar rath na mbeart sin ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha. Mar shampla, déanann feidhmíocht lag eacnamaíoch agus úsáid phríobháideach neamhdhlisteanach difear do mharthanacht agus inmharthanacht tionscadal a fhaigheann maoiniú ón Aontas i dturasóireacht tuaithe. Molaimid gur cheart don Choimisiún faisnéis a chomhroinnt maidir leis na bealaí is fearr chun cistiú a threorú ar bhealach níos éifeachtaí ar thionscadail inmharthana, an riosca a bhaineann le tionscadail a atreorú chuig úsáid phríobháideach a mhaolú agus leas a bhaint as acmhainneacht bunachar sonraí.

*“Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Aontas i mbearta ionas nach mbeidh an geilleagar tuaithe chomh spleách ar thalmhaíocht agus ar fhoraoiseacht chun poist a choimeád agus a chruthú agus chun bonneagar i gceantair thuaithe a fheabhsú,” a dúirt Viorel Ștefan, an comhalta CIE a raibh an iniúchadh faoina stiúir. “Mar sin féin ba cheart do thionscadail arna gcistiú ag an Aontas a bheith marthanach, agus táimid den tuairim gur cheart don Aontas níos mó a dhéanamh chun tionscadail a chur chun cinn a fhaigheann sochair fhadtréimhseacha agus luach ar airgid ó thacaíocht ón Aontas.”*

Rinne na hiniúchóirí anailís ar éagsúlacht tionscadal a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus fuair siad go raibh an chuid is mó de na tionscadail fós i mbun oibríochta ag deireadh na tréimhse cúig bliana a bhfuil ceangla dlí léi. Bhí sé sin fíor go háirithe i gcás tionscadail bhonneagar (amhail tacaíocht chun sráidbhailte a athchóiriú, nó chun líonraí bóithre, uisce agus séarachais a thógáil nó a fheabhsú) toisc go ndéantar bonneagar a dhearadh go ginearálta do thréimhse fhada. Mar sin féin, chuir aon thriain de thionscadail éagsúlaithe – tionscadail bhí dírithe ar ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta a chur chun cinn nó tacú le deiseanna nua gnó, deireadh le hoibríochtaí faoi thráth an iniúchta, fiú i gcásanna inár cuireadh ardleibhéal infheistíochta ar fáil. Bhí infheistíochtaí i gcóiríocht do thurasóirí i measc na dtionscadal éagsúlaithe is mó ar tugadh tacaíocht dóibh.

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)

Shainaithníomar éagsúlachtaí suntasacha idir earnálacha agus Ballstáit éagsúla. Mar shampla, sa Pholainn, ní raibh seirbhísí do thionscadail talmhaíochta nó foraoiseachta chomh marthanach céanna agus a bhí do thionscadail in earnálacha eile in 2007-2013. Le linn na tréimhse seo, i roinnt Ballstát, tugadh tacaíocht do chóiríocht do thurasóirí fiú nuair nach raibh sé inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, agus i roinnt cásanna, seoladh imscrúduithe ar úsáid phríobháideach foirgneamh a cistíodh mar chóiríocht do thurasóirí. Léirigh na hiniúcháirí cásanna eile inár dúnadh tionscadail cóiríochta do thurasóirí tar éis cúpla bliain. Chosnaigh roinnt tionscadal suas le €9 000 i bhfóirdheontais ón Aontas do gach mí a raibh siad i mbun oibríochta.

Déanann na hiniúcháirí líon moltaí don Choimisiún i bhfianaise chlárthréimhse an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) 2023-2027. Go háirithe, molann siad gur cheart don Choimisiún faisnéis a scaipeadh maidir leis na bealaí is fearr chun:

- a chinntiú go bhfuil tionscadail marthanach, agus na cineálacha éagsúla infheistíochtaí a dtacaíonn sé leo á gcur san áireamh;
- fianaise a bhailiú go bhfuil gníomhaíochtaí cistithe fós i mbun oibríochta;
- coinníollacha a shocrú i gcomhaontuithe deontais lena gceanglaítear go n-úsáidfear tionscadail a fhaigheann tacaíocht dá gcuspóir beartaithe.

#### **Faisnéis chúlra**

Rinne CIE anailís ar thacaíocht ón Aontas do bhonneagar tuaithe i [dtuarascáil speisialta 25/2015](#), agus tugadh saincheisteanna maidir le marthanacht infheistíochtaí comhtháite a fhaigheann maoiniú ón Aontas chun solais i [dtuarascáil speisialta 08/2018](#) agus i [dtuarascáil speisialta 06/2011](#).

Tá Tuarascáil speisialta 12/2022, *“Marthanacht san fhorbairt tuaithe: Tá formhór na dtionscadal fós i mbun oibríochta don tréimhse is gá, ach tá deiseanna ann chun torthaí níos buanfasaí a bhaint amach”* ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúcháirí](#).

#### **Teagmháil phreasa**

Preasoifig CIE: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) - T: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: [vincent.bourgeais@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeais@eca.europa.eu) - T: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) - T: (+352) 621 552 224